

**Imeacht
Saor in
Aisce**

WOMEN

**THEIR CONTRIBUTION TO
IRISH HISTORY & SOCIETY**

COMHTHÁIL

**Ionad Pobail Mhaigh Locha,
Co. na Gaillimhe**

**Dé Domhnaigh
an 21 Deireadh Fómhair
2018**

Tagairt NLI: TIL851

Clár

10.30rn ~ 11.00rn	Clárú & Tae/Caifé
11.00rn ~ 11.15rn	Focal Fáilte ón gComh. Peter Keaveney, Leas Cathaoirleach, Comhairle Chontae na Gaillimhe
11.15rn ~ 12.00in	‘Women of the Atlantic – Connemara to Portland, Maine 1880s to 1960s’ le Eileen Davis
12.00in -12.45in	‘Dudley Nurses’ le Joyce Ní Ghiobúin
12.45in ~ 1.30in	Lón
1.30in ~ 2.00in	‘Ada English’ le Pat Johnston
2.00in ~ 2.30in	‘Palestine Brides’ le Paula Kennedy agus Kathleen Connolly
2.30in ~ 3.15in	‘More than half the sky - Women who changed their worlds: Mamo McDonald, Cathaoirleach of the Irish Country Women’s Association and Hilda Tweedy, co-founder of the Irish Housewives Association’ le Mary Ryan
3.15in ~ 3.30in	‘Our Irish Women Project’ le Lorna Elms
3.30in ~ 3.45in	Tae/Caifé
3.45in~ 4.45in	Ceol & filíocht

Taispeántas

Taispeántas ealaíne le healaíontóirí mná de chuid an cheantair chomh maith le taispeántas de na huirlisí agus de ghréithe a bhíodh in úsáid le hobair na mban sa teach agus i measc an phobail.

Cuntais Beathaisnéise

Lorna Elms

Tá Lorna Elms ag obair maidir le cúrsaí oidhreachta in Éirinn le breis agus 20 bliain anuas. Sa bhliain 2003 a thosaigh sí le hArd-Mhúsaem na hÉireann – Saol na Tuaithe. Tá Lorna go mór ar son chartlannaíocht an phobail agus shaoránacht ghníomhach maidir le hearnáil an chultúir agus na hoidhreachta mar gheall ar a bhfuil feicthe aici féin den leas agus den tairbhe a thagann uaidh ar an leibhéal pearsanta, ar leibhéal an phobail agus ón taobh eagraíochta. Tá réimse mór scileanna, eolais agus taithí tugtha chun cinn ag Lorna de bharr a cuid oibre mar Chomhordaitheoir Tionscadail le Lónra Chartlann Pobail na hÉireann.

Paula Kennedy & Kathleen Connolly

Tá Paula Kennedy & Kathleen Connolly ar bheirt den cheathrar a rinne taighde maidir le scéal na ndílleachtaí a cuireadh ina gcailíní óga as Teach na mBocht ar an gCreagán go hiarthar na hAstráile sa bhliain 1852. Eagraíodh deireadh seachtaine comórtha i mí Meitheamh na bliana seo ag ar tháinig sliocht na gcailíní sin as an Astráil agus a Shoilse Richard Andrews Uasal, Ambasadóir na hAstráile in Éirinn. Rinneadh trácht ar an scéal ar an gclár teilifíse Nationwide ar RTÉ.

Pat Johnston

Iarmhúinteoir staire í Pat Johnston atá ina ball de Ghrúpa Oidhreachta Ospidéal Naomh Bríd a choinníonn beocht i stair an ospidéil meabhairshláinte. Saol agus saothar an Dr Ada English is ábhar do dhráma dá cuid *For A Little Lonely While* agus is é saol Julia Mary Morrissey is bunábhar don dráma nua uaithi, *After Moyode*.

Joyce Elena Ní Ghiobúin

Tá céim máistreachta i Léann an Athmhuintearais (MPhil, TCD Béal Feirste) ag Joyce Elena Ní Ghiobúin agus chríochnaigh sí Ard-Diplóma sa Stair Áitiúil (Oxford) le gairid d'fhonn leanacht dá cuid taighde ar ghnéithe idirnáisiúnta de stair an altranais in Éirinn. Tá spéis mhór aici in altráí ceantair agus in altráí airm (1850-1920) agus sa saothar a ghabhann le beathaisnéis staire a scríobh.

Eileen Davis

Is as an gClochán, i gCo. na Gaillimhe í Eileen ó dhúchas agus is í Oifigeach Forbartha na Turasóireachta Oidhreachta í in Ionad Cuimhneacháin na nImlirceach i gCarna, Co. na Gaillimhe.

Tá sí ag obair ina ginealeolaí le breis is 30 bliain agus tá suim ar leith aici a bheith ag déanamh taighde ar mhná as Conamara a chuaigh ar imirce go Cósta Thoir Mheiriceá.

Mary Ryan

Chaith Mary Ryan tríocha bliain ina múinteoir iar-bhunoideachais. Rinne sí comhordú lena linn sin ar thionscadal eatramhach maidir le caidreamh idir na glúnta agus is ina chomhthéacs sin a casadh Hilda Tweedy uirthi. Chuir sí Lá na Seantuismitheoirí ar Scoil ar bun agus bhí Mamo McDonald ina haoi speisialta bliain amháin ag ceann de na laethanta sin. Tá Mary ina comhfhreagraí leis an Tuam Herald agus dhéanfadh sí cur síos uirthi féin ar dtús mar fheimineach.

Imeacht
Saor in
Aisce

COMHDHÁIL

Cuir áit in áirithe...

Is féidir ionad ag an gcomhdháil seo a chur in áirithe saor in aisce ach scéal a chur chuig duine acu seo a leanas:

Cumann Oidhreachta Mhaigh Locha

teil: 087 348 0583 nó ríomhphost: mrc@moylough.com

Marie Mannion

An tOifigeach Oidhreachta, Comhairle Chontae na Gaillimhe

teil: 091 509198 nó ríomhphost: mmannion@galwaycoco.ie

Nó cláraigh anois...

Eventbrite

An Grianghraf ar an gcéad leathanach

Beirt chailíní óga chúthaile ag cur geáitsí orthu féin don ghrianghrafadóir.

Ba jab don teaghlach ar fad é móin a chruinniú.

Is i 1963 a glacadh an grianghraf seo agus léiríonn sé an saol a bhí in Éirinn ar feadh na gcéadta bliain ach atá ag imeacht anois.

Formáid: Sleamhnán | Dáta: Meitheamh 1963 | Tagairt an NLI: TIL851

Is le Leabharlann Náisiúnta na hÉireann na cearta atáirgthe

Cumann Oidhreachta Mhaigh Locha a d'eagraigh an chomhdháil seo i gcomhar leis an Oifig Oidhreachta, Comhairle Chontae na Gaillimhe. Tá roinnt den chiste maidir leis an gcomhdháil á chur ar fáil ag Comhairle Chontae na Gaillimhe agus ag Éire Ildánach mar chuid de Straitéis Cuimhneacháin Deich mBliana Chontae na Gaillimhe 2013-2023 agus faoi Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2018-2022



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council



ÉIRE
IRELAND

19
.....
2016

Clár Comórtha
Céad Bliain
Centenary
Programme



Moylough
Heritage Society



Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme
2017-2022

